Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 5 Márta 2024**
**(OR. en)**

**7304/24**

**LIMITE**

**TRANS 129**
**RELEX 275**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Márta 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 117 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh leasuithe ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar an 29 Meitheamh 2022 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 117 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 117 final

AN COIMISIÚN EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 5.3.2024
COM(2024) 117 final

**SENSITIVE***

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh leasuithe ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar an 29 Meitheamh 2022

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

Leis seo molann an Coimisiún don Chomhairle údarú a thabhairt do thús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh leasuithe ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar a svíniodh in Lyon an 29 Meitheamh 2022[1] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta), lena n-áirítear leanúint leis an gComhaontú, an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais agus treoracha a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú nach mór an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhairle leis.

PUBLIC

## 2. CÚLRA

### 1.1. Achoimre ar an gComhaontú

Is é is aidhm don Chomhaontú iompar lasta de bhóthar idir an Úcráin agus an tAontas Eorpach, agus iompar lasta de bhóthar tríothu, a éascú ar bhonn sealadach, trí chearta breise idirthurais agus iompair earraí idir an Úcráin agus an tAontas a dheonú mar gheall ar an gcogadh foghach neamhdhleathach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus an suaitheadh nach beag a thagann leis sin ar gach modh iompair san Úcráin. Áirítear leis freisin bearta chun aithint doiciméad tiománaí a éascú. Tá feidhm aige faoi láthair go dtí an 30 Meitheamh 2024[2]. Tagann sé, go sealadach, in ionad na dteidlíochtaí um rochtain ar an margadh atá bunaithe ar chomhaontuithe iompair déthaobhacha idir na Ballstáit agus an Úcráin.

### 1.2. Éifeachtaí an Chomhaontaithe

Nuair a mhol an Coimisiún don Chomhairle síneadh a chur leis an gComhaontú i mí Eanáir 2023, chuir sé sonraí i láthair lenar deimhníodh gur éirigh leis an gComhaontú rannchuidiú le honnmhairiú earraí talmhaíochta de chuid na hÚcráine a chumasú trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta. An tráth sin, bhí Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe fós i bhfeidhm, ach measadh gur chomhlánaigh an Comhaontú onnmhairí tríd an Muir Dhubh, rud a rannchuidigh leis an tslándáil bia ar fud an domhain agus le feidhmiú leanúnach gheilleagar na hÚcráine, fiú le linn an chogaidh. Ó shin, tharraing an Rúis siar go cinntitheach ó Thionscnamh Gráin na Mara Duibhe. Lasmuigh d'onnmhairí gráin na hÚcráine, éascaítear leis an gComhaontú onnmhairiú earraí neamhthalmhaíochta, go háirithe táirgí tionsclaíocha, nach bhféadfaí a onnmhairiú faoi Thionscnamh Gráin na Mara Duibhe, agus a bhfuil gá fós acu le bealaí onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin tríd an Aontas, ós rud é nach bhfuil conair na Mara Duibhe, a bhunaigh an Úcráin go haontaobhach i mí Lúnasa 2023, in ann aghaidh a thabhairt ar riachtanais leathana allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin na tíre, lena n-áirítear cabhair mhíleata agus dhaonnúil agus breosla a sholáthar, agus ós rud é go bhfuil sí fós faoi ionsaí ón Rúis.

[1] IO L 179, 6.7.2022, lch. 4.
[2] IO L 123, 8.5.2023, lch. 36.

Sa chomhthéacs sin, tá na Lánaí Dlúthpháirtíochta – ina bhfuil ról tábhachtach ag an iompar de bhóthar, go háirithe trí na conairí talún leis an bPolainn, leis an tSlóvaic, leis an Ungáir agus leis an Rómáin – ina líne tharrthála don Úcráin anois, lena gceadaítear onnmhairiú táirgí talmhaíochta agus lena rannchuidítear leis an tslándáil bia ar fud an domhain, agus is iad an phríomhrogha i gcónaí iad maidir le hearraí eile ón Úcráin a onnmhairiú (e.g. iarann, cruach) agus an phríomhrogha atá ag an Úcráin na hearraí uile atá de dhíth uirthi a allmhairiú (lena n-áirítear breosla, cabhair dhaonnúil).

Idir mí na Bealtaine 2022 agus deireadh mhí Eanáir 2024, chuir na Lánaí Dlúthpháirtíochta ar a cumas don Úcráin thart ar 122 Mt d'earraí (68 Mt de tháirgí talmhaíochta, agus thart ar 54 Mt de tháirgí neamhthalmhaíochta) a onnmhairiú agus thart ar 45 Mt d'earraí a allmhairiú.

Meastar gur thart ar EUR 139 mbilliún luach iomlán na trádála trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta ó bhí mí na Bealtaine 2022 ann, thart ar EUR 46 bhilliún le haghaidh onnmhairí na hÚcráine agus thart ar EUR 93 bhilliún le haghaidh allmhairí na hÚcráine.

In 2023, d'onnmhairigh an Úcráin thart ar 40 Mt de tháirgí talmhaíochta agus thart ar 30 Mt de tháirgí neamhthalmhaíochta trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta, ar luach é thart ar EUR 24 bhilliún san iomlán. In 2023, d'allmhairigh an Úcráin thart ar 27 Mt d'earraí trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear thart ar 3 Mt d'earraí talmhaíochta agus thart ar 24 Mt de tháirgí neamhthalmhaíochta, ar luach é thart ar EUR 53 bhilliún san iomlán.

Tá an t-iompar de bhóthar ríthábhachtach don trádáil idir an tAontas agus an Úcráin trí na Lánaí Dlúthpháirtíochta. Tá tábhacht ar leith ag baint leis d'allmhairí luachmhara neamhthalmhaíochta, ós rud é gur allmhairíodh méid gar do 50 % den chineál sin earraí chuig an Úcráin de bhóthar in 2023, is é sin níos mó ná 75 % d'allmhairí neamhthalmhaíochta i dtéarmaí luacha.

Leis na sonraí a bhailigh an Coimisiún ó cuireadh síneadh leis an gComhaontú an 16 Márta 2023, deimhnítear go bhfuil feidhm fhíor-riachtanach á comhlíonadh ag an gComhaontú do gheilleagar na hÚcráine fós agus go bhfuil sé ríthábhachtach i gcónaí d'onnmhairí an Aontais chuig an Úcráin.

- Mar a thomhaiseann Eurostat, tháinig méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ón Úcráin de bhóthar chuig an Aontas tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, méadú thart ar dhá thrian i dtéarmaí an mhéid a iompraíodh agus thart ar aon trian ó thaobh luacha de. I ndearbhthéarmaí, onnmhairíodh níos mó ná 300 000 tona breise d'earraí chuig an Aontas gach mí tar éis an Chomhaontaithe (ar an meán 873 000 tona in aghaidh na míosa sa tréimhse ó mhí Iúil 2022 go dtí mí Mheán Fómhair 2023, i gcomparáid le 528 000 tona in aghaidh na míosa sa tréimhse roimh an gcomhaontú ó mhí Eanáir 2020 go mí an Mheithimh 2022). An tráth céanna, is é luach na n-onnmhairí breise míosúla thart ar EUR 250 milliún in aghaidh na míosa (EUR 953 mhilliún ar an meán, i gcomparáid le EUR 702 mhilliún in aghaidh na míosa roimh an gComhaontú).

- Léiríonn na figiúirí sin go raibh barrfheabhsú na hacmhainneachta bóithre ríthábhachtach chun tacú le conairí malartacha d'fhonn grán agus táirgí eile a onnmhairiú chuig an Aontas agus chuig tríú tíortha agus d'fhonn cuidiú le geilleagar na hÚcráine, rud a d'fhág gurbh fhéidir na hearraí a bhfuil gá aici leo a iompar, nuair nach raibh na gnáthbhealaí iompair sa réigiún ann mar gheall ar an gcogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin.

- Tháinig méadú comhchosúil ar allmhairí na hÚcráine ón Aontas agus ar onnmhairí ó thaobh méide de, is é sin thart ar 300 000 tona in aghaidh na míosa (ar an meán 810 000 tona le linn na tréimhse a léirítear i gcomparáid le 509 000 tona in aghaidh

na míosa roimh an gComhaontú). Mar sin féin, de réir luacha tá méadú beagnach trí huaire níos tapúla tagtha ar allmhairí na hÚcráine ná ar onnmhairí na hÚcráine: níos mó ná EUR 700 milliún in aghaidh na míosa le haghaidh allmhairí ón Úcráin (EUR 2 430 milliún ar an meán i gcomparáid le EUR 1 695 mhilliún in aghaidh na míosa roimh an gComhaontú) i gcomparáid le EUR 250 milliún d'onnmhairí.

- Ar an iomlán, tá na honnmhairí reatha thart ar 380 000 tona agus EUR 900 milliún níos airde ná an meán míosúil sular daingníodh an Comhaontú. Dá bhrí sin, tá méadú suntasach fós ag teacht ar luach na n-earraí ón Aontas a iompraítear chuig an Úcráin de bhóthar ó thús an Chomhaontaithe.

- Dá bhrí sin, bhí ról lárnach ag an gComhaontú maidir le comhardú trádála an Aontais leis an Úcráin a mhéadú EUR 500 milliún in aghaidh na míosa.

- I gcás fhormhór na mBallstát, deimhnítear na treochtaí dearfacha sin ar an leibhéal náisiúnta (arís le linn na dtréimhsí céanna a léirítear thuas); i gcás na mBallstát atá i gcomharsanacht na hÚcráine go háirithe, bhí na héifeachtaí an-dearfach. Tháinig méadú 72 % ar onnmhairí na Polainne de bhóthar chuig an Úcráin tar éis an Chomhaontaithe, agus tháinig méadú 49 % ar allmhairí ón Úcráin de bhóthar. Tháinig méadú 120 % ar onnmhairí na Slóvaice de bhóthar chuig an Úcráin, agus tháinig méadú 46 % ar allmhairí de bhóthar. Tháinig méadú 163 % ar onnmhairí na Rómáine de bhóthar, agus tháinig méadú 72 % ar allmhairí de bhóthar. I gcás na hUngáire amháin a tháinig meath beag ar an gcomhardú trádála, is é sin le rá gur tháinig laghdú 1,5 % ar onnmhairí de bhóthar agus tháinig méadú 7 % ar allmhairí de bhóthar.

- Léirítear tábhacht an iompair de bhóthar freisin toisc gur de bhóthar a iompraíodh 80 % d'allmhairí bhreosla na hÚcráine ón Aontas. Allmhairítear thart ar 70 % de na táirgí cógaisíochta ón Aontas chuig an Úcráin de bhóthar agus rinneadh thart ar 80 % de na hallmhairí cógaisíochta uile chuig an Úcráin a iompar de bhóthar ar fud an Aontais.

- Tar éis don Rúis tarraingt siar ó Thionscnamh Gráin na Mara Duibhe agus tar éis iarrachtaí leanúnacha na Rúise calafoirt Mhórcheantar Odesa agus calafoirt ar an Danóib a scriosadh nó a chur faoi bhagairt, tá na conairí talún fíor-riachtanach fós, ní hamháin i gcás gráin, ach i gcás gach táirge eile a theastaíonn ón Úcráin nó a onnmhairíonn sí, rud atá tábhachtach.

- Ó bhí mí Lúnasa 2023 ann, tá conair farraige sa Mhuir Dhubh curtha ar bun ag an Úcráin chun grán a onnmhairiú den chuid is mó. Mar sin féin, tá an chonair sin fós faoi ionsaí na Rúise. Meastar go bhfuil toilleadh na conaire sin ag leibhéal 30 milliún tona in aghaidh na bliana, agus bhí toilleadh na Mara Duibhe roimh an gcogadh ar leibhéal 150 milliún tona in aghaidh na bliana. Cé gur gné luachmhar é chun grán a onnmhairiú, ní féidir an chonair sin a chur in ionad an iompair de bhóthar le haghaidh gach earra eile nach féidir a sheoladh tríd an Muir Dhubh.

- Tuairiscíonn roinnt Ballstát go bhfuil méadú ar líon na bhfeithiclí Úcránacha ar a gcríoch (an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Ungáir, an Pholainn, an tSlóvaic, an tSlóivéin). Sna cásanna sin, tuairiscíodh gur cailleadh sciar den mhargadh i ngnó tharlóirí bóthair na mBallstát sin leis an Úcráin, agus mhaígh roinnt oibreoirí gurb é na costais oibriúcháin níos ísle atá ag tarlóirí na hÚcráine is cúis leis sin. Mar sin féin, níl in oibríochtaí iompair de bhóthar ón Úcráin agus chuig an Úcráin ach sciar beag de ghnó tharlóirí an Aontais ar an meán. Dá bhrí sin, cé go bhféadfaí tionchar ar an margadh a bhrath ar an leibhéal áitiúil, níl aon fhianaise ann go ndearna an

PUBLIC

Comhaontú aon mhórshaobhadh ar mhargaí iompair de bhóthar na mBallstát agus an Aontais.

### 1.3. An gá le leasuithe ar an gComhaontú.

PUBLIC

Cé go bhfuil an Comhaontú fíor-riachtanach don Úcráin agus go bhfuil a éifeachtaí an-dearfach don Aontas, chuir roinnt Ballstát imní in iúl le roinnt míonna anuas maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an leibhéal áitiúil ar earnáil an iompair de bhóthar. Pléadh na hábhair imní sin ag cruinniú an Chomhchoiste a tionóladh an 18 Nollaig 2023, inar thángthas ar an gconclúid go bhfuil na bunchoinníollacha lena dtugtar údar don Chomhaontú bailí fós. Thug na Páirtithe dá n-aire, áfach, roinnt saincheisteanna a eascraíonn as cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe.

Baineann na saincheisteanna sin ar an gcéad dul síos le deacrachtaí forfheidhmiúcháin a bheadh ag údaráis rialaithe na bPáirtithe. Mar shampla, ós rud é go ndearnadh ceadúnais a dhigitiú go hiomlán san Úcráin agus nach bhfuil rochtain ag na Ballstáit ar bhunachair sonraí na hÚcráine, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé éasca i gcónaí a áirithiú cois bóthair gur le hoibreoir iompair de bhóthar, atá údaraithe go cuí chun iompar idirnáisiúnta a dhéanamh, an trucail Úcránach atá faoi rialú. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé a bheith deacair ar an gcéad amharc idirdhealú a dhéanamh idir oibríochtaí a dhéantar faoin gComhaontú agus a dhéantar faoi ionstraimí iompair idirnáisiúnta eile de bhóthar amhail Coinbhinsiún an Fhóraim Iompair Idirnáisiúnta. Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le turais neamhualaithe, tabharfaidh sé deimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí tarlaithe de bhóthar agus éascóidh sé an rialú cois bóthair má iompraíonn an tiománaí doiciméid shonracha lena ndeimhnítear go bhfuil oibríocht neamhualaithe á déanamh i ndáil le hoibríocht idirthurais nó dhéthaobhach de réir mar is gá le haghaidh oibríochtaí neamhualaithe a dhéantar faoin gComhaontú.

Baineann saincheisteanna eile le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a neartú. Áirítear orthu go háirithe go gcomhlíonfaidh oibreoirí tarlaithe de bhóthar a n-oibleagáidí i dtéarmaí oibríochtaí arna n-údarú faoin gComhaontú, calaois nó brionnú doiciméad tiománaí agus athchionta leanúnacha tráchta tromchúiseacha a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Baineann siad leis an gcaoi a gcuireann údaráis na hÚcráine na Ballstáit ar an eolas faoi shíneadh le tréimhse bhailíochta dhoiciméid an tiománaí freisin.

Dá bhrí sin, ní mór athruithe teoranta a dhéanamh ar an gComhaontú chun a fhorfheidhmiú a éascú agus a chur chun feidhme a neartú.

Tharraing roinnt Ballstát anuas tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gComhaontú ar earnáil an iompair de bhóthar ag an gcruinniú den Chomhairle an 4 Nollaig 2023 agus san ullmhúchán agus ag an gcruinniú den Chomhchoiste an 18 Nollaig 2023. Léirigh na hábhair imní sin an gá atá le comhar níos fearr, chomh maith le malartú sonraí agus faisnéise idir na Páirtithe chun feabhas a chur ar an measúnú ar fheidhmiú an Chomhaontaithe. Chuir roinnt Ballstát a bhfuil teorainn acu leis an Úcráin agus roinnt comhlachais tarlóirí imní in iúl maidir le tionchar an Chomhaontaithe ar chodanna áirithe de mhargaí tarlaithe náisiúnta, a bhfuil an-dochar á dhéanamh dóibh cheana féin ag an gcogadh san Úcráin agus, dá bhrí sin, ag na smachtbhannaí a forchuireadh ar an Rúis agus ar an mBealarúis agus ag na bearta cómhalartacha a rinne an dá thír sin.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe freisin clásal cosanta nua a thabhairt isteach i gcás ina mbeadh mórshuaitheadh ar an margadh náisiúnta iompair de bhóthar i limistéar geografach ar leith de cheann de na Páirtithe atá inchurtha i leith an Chomhaontaithe agus tá sé beartaithe ligean don

Chomhchoiste cinneadh a dhéanamh in imthosca eisceachtúla maidir leis an gComhaontú a chur ar fionraí.

An tráth céanna, agus i bhfianaise na leasuithe thuasluaite atá le caibidliú, is gá síneadh a chur leis an gComhaontú[3] ar na cúiseanna seo a leanas:

– Ar an gcéad dul síos, léiríodh leis an bhfaireachán ar an gComhaontú go raibh ról fíor-riachtanach aige i gcomhthéacs na Lánaí Dlúthpháirtíochta agus, dá bhrí sin, go gcuireann sé líne tharrthála ar fáil do gheilleagar na hÚcráine agus go rannchuidíonn sé freisin leis an tslándáil bia ar fud an domhain, i bhfianaise imshuí na Rúise ar chalafoirt na Mara Duibhe san Úcráin. Cé gur chuir an Rúis deireadh le Tionscnamh Gráin na Mara Duibhe a comhaontaíodh sna Náisiúin Aontaithe i mí Iúil 2023, d'éirigh leis an Úcráin conair a bhunú sa Mhuir Dhubh le haghaidh onnmhairí gráin den chuid is mó. Mar sin féin, cé go bhfuil toilleadh na conaire nua sin tábhachtach, is féidir leis an Rúis í a ionsaí fós. Dá bhrí sin, tá na Lánaí Dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear bealaí iompair de bhóthar tríd an Aontas, fíor-riachtanach i gcónaí d'onnmhairí agus d'allmhairí na hÚcráine.
– Ar an dara dul síos, leis an gComhaontú, éascaíodh onnmhairiú earraí neamhthalmhaíochta na hÚcráine, earraí nach dtairbhíonn de chonair na Mara Duibhe san Úcráin.
– Ar an tríú dul síos, bhí an Comhaontú criticiúil freisin chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an Úcráin ar na hallmhairí atá de dhíth uirthi, lena n-áirítear breosla agus cabhair dhaonnúil. I ndáil leis an méid sin, d'éascaigh sí onnmhairí an Aontais chuig an Úcráin agus, dá bhrí sin, leanann sí de thairbhí a chur ar fáil don Aontas.
– Ar an gceathrú dul síos, níl in oibríochtaí iompair de bhóthar ón Úcráin agus chuig an Úcráin ach sciar beag de ghnó tharlóirí an Aontais ar an meán. Dá bhrí sin, cé go bhféadfaí tionchar ar an margadh a bhrath ar an leibhéal áitiúil ar gá faireachán níos dlúithe a dhéanamh air (féach Roinn 2.4 thuas), níl aon fhianaise ann go ndearna an Comhaontú aon mhórshaobhadh ar mhargadh foriomlán iompair de bhóthar an Aontais. Dá bhrí sin, tá an ráiteas bailí fós nach gcuireann an Comhaontú an t-iomaíochas faoi bhagairt d'oibreoirí iompair an Aontais. Ní dócha go dtiocfaidh athrú air sin le linn na tréimhse ar ina leith atá an síneadh beartaithe.

Is cosúil gur gá leanúint leis an gComhaontú go ceann 18 mí, toisc go bhfuil na dálaí lenar tugadh údar le tabhairt i gcrích an chomhaontaithe bhunaidh fós i réim, agus is dócha go bhfanfaidh siad mar sin go ceann tamall fada eile. Níor stop an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin, agus ní thuarann formhór na mbreathnóirí go gcuirfear deireadh leis an bhfogha sin go luath amach anseo.

Ar na cúiseanna sin, ba cheart an Comhaontú a leasú leis na heilimintí seo a leanas:

- Leanúint leis an gComhaontú;

[3] Le hAirteagal 7(2) agus (5) den Chomhaontú, ceadaítear don Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú síneadh a chur leis an gComhaontú. Mar sin féin, ós rud é nach féidir leis an gComhchoiste cinneadh a dhéanamh maidir leis na leasuithe a bhfuil sé d'aidhm acu cur chun feidhme an Chomhaontaithe a neartú agus clásal cosanta nua a thabhairt isteach, tá an Coimisiún, ar mhaithe le barainneacht nós imeachta, ag lorg údarú ón gComhairle chun caibidlíocht a dhéanamh maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú.

- Bearta iomchuí chun na deacrachtaí a sainaithníodh i gcur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a leigheas;
- Clásal lena dtugtar an deis don dá Pháirtí an Comhaontú a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach nó bearta cosanta eile a dhéanamh faoina chuimsiú i limistéar geografach ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí i gcás mórshuaitheadh ar an margadh iompair de bhóthar sa limistéar geografach sin. Thar ceann an Aontais tabharfaidh an Coimisiún fógra faoi aon bheart faoin gclásal sin don Pháirtí eile sa Chomhaontú. Is ar an gCinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE a bheidh fionraí an Chomhaontaithe bunaithe, ar thogra ón gCoimisiún ar a thionscnamh féin nó tar éis iarraidh a fháil ó Bhallstát;
- Clásal lena leathnaítear cumhachtaí an Chomhchoiste tríd an deis a chruthú cinneadh a dhéanamh maidir leis an gComhaontú a chur ar fionraí go sealadach má tá fianaise dhaingean shoiléir ann nach bhfuil cuspóirí an Chomhaontaithe á gcomhlíonadh a thuilleadh; agus
- Comhdhéanamh meithle *ad hoc* ar leith a chuirfear ar bun chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart sin agus chun cur chun feidhme praiticiúil an Chomhaontaithe a éascú agus comhlíontacht na rialacha a leagtar amach in Airteagal 9 de Rialacha Nós Imeachta an Chomhchoiste[4] maidir le faireachán a dhéanamh ar an gComhaontú.

## 3. COMHSHEASMHACHT LE BEARTAIS EILE DE CHUID AN AONTAIS

Leis na leasuithe atá le caibidliú, ní athrófar gnéithe bunúsacha an Chomhaontaithe a bheidh go hiomlán comhleanúnach le beartas reatha an Aontais um chaidreamh seachtrach leis an Úcráin. Leanfaidh sé de bheith go hiomlán i gcomhréir leis an gComhaontú Comhlachais a síníodh an 27 Meitheamh 2014 idir an tAontas agus an Úcráin chomh maith.

## 4. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE an bunús dlí don nós imeachta le haghaidh cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas agus tríú tír – lena n-áirítear comhaontú lena leasaítear comhaontú atá ann cheana – agus lena ndírítear treoracha chuig an idirbheartaí.

### • Inniúlacht an Aontais

Leagtar amach an méid seo a leanas le hAirteagal 216(1) CFAE:

*'Féadfaidh an tAontas comhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tír amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó má fhoráiltear amhlaidh sna Conarthaí nó nuair is gá comhaontú a thabhairt i gcrích d'fhonn ceann de na cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a ghnóthú faoi chuimsiú bheartais an Aontais, nó má fhoráiltear do chomhaontú a thabhairt i gcrích i ngníomh Aontais atá ceangailteach ó thaobh dlí nó más dóigh do chomhaontú a thabhairt i gcrích difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú.'*

---

[4] IO L 123, 8.5.2023, lch. 32.



PUBLIC

Tugadh an Comhaontú i gcrích chun ceann de na cuspóirí dá dtagraítear sna Conarthaí a bhaint amach, faoi chuimsiú bheartais an Aontais, is é sin, éifeacht a thabhairt do bheartas iompair an Aontais i réimse an iompair de thalamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain ar an margadh i ndáil le hiompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar idir an tAontas agus an Úcráin. Rinneadh foráil maidir lena thabhairt i gcrích in Airteagal 136 den Chomhaontú Comhlachais leis an Úcráin.

Baineann an togra le tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn an Comhaontú a leasú chun go mbeifear in ann leanúint de agus cur chun feidhme níos fearr, níos cothroime agus níos rialaithe dá phríomhfhorálacha á áirithiú an tráth céanna agus chun forfheidhmiú na bpríomhfhorálacha sin a éascú i gcríocha gach Páirtí.

Baineann na leasuithe atá le caibidliú le leanúint den Chomhaontú, lena n-áirítear fad an Chomhaontaithe, agus le bearta iomchuí chun na deacrachtaí a sainaithníodh i gcur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a leigheas.

Ní dhéanann siad difear do raon feidhme chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, tá siad comhsheasmhach leis na cuspóirí beartais atá á saothrú aige agus ní athraíonn siad inniúlacht an Aontais ina leith.

Is iad an tAontas agus an Úcráin a thug an Comhaontú i gcrích.

Dá bhrí sin, tá inniúlacht ag an Aontas comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích chun an Comhaontú atá ann cheana leis an Úcráin maidir le hiompar de bhóthar a leasú.

- **Dualgas an Choimisiúin dul i gcomhairle**

Agus breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 16 Iúil 2015 i gcás C-425/13[5] á chur san áireamh, breithiúnas lena soiléirítear róil na n-institiúidí éagsúla chun críoch chur i bhfeidhm Airteagal 218(2) agus (4) CFAE i gcomhréir le prionsabail na cothromaíochta institiúidí agus an chomhair dhílis fhrithpháirtigh a leagtar síos in Airteagal 13(2) CAE, is gá na soiléirithe sin a léiriú.

Is iomchuí go gcuirfidh an Coimisiún ar fáil don Chomhairle agus don choiste speisialta arna ainmniú aici an fhaisnéis uile is gá chun gur féidir leo faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na caibidlíochta, amhail, go háirithe, na haidhmeanna ginearálta a fógraíodh agus na seasaimh a ghlac na páirtithe eile le linn na caibidlíochta. Tabharfaidh an Coimisiún tuarascáil i scríbhinn don Chomhairle agus don choiste speisialta arna ainmniú aici maidir le toradh na caibidlíochta ar bhealach a chuirfidh ar a cumas don Chomhairle a sainchumais institiúideacha a fheidhmiú.

Chun an oibleagáid maidir le hurramú na cothromaíochta institiúidí a leagtar síos in Airteagal 13(2) CAE agus an oibleagáid a bhunaítear in Airteagal 218(10) CFAE a chomhlíonadh, cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas ar an gcaoi chéanna.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an Moladh prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas:

Ní dhéanann na leasuithe atá le caibidliú raon feidhme an Chomhaontaithe a mhodhnú agus tá siad teoranta do na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é ar bhealach

[5] ECLI EU:C:2015:483.

cothrom agus níos rialaithe. Tá an síneadh teoranta ó thaobh ama de agus ar feadh tréimhse réasúnta.

Tá an t-ualach breise riaracháin nó airgeadais a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis na leasuithe teoranta go docht don mhéid is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus déantar iad a chothromú trí leanúint den Chomhaontú a chumasaíonn siad agus tríd an laghdú a bhaineann leis sin maidir leis an ualach riaracháin ar an tionscal agus ar na Ballstáit araon.

PUBLIC

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an Moladh do bhuiséad an Aontais.

## 6. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Coiste Speisialta.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an Mholta**

Leagtar amach na forálacha sonracha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle.

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le haghaidh leasuithe ar an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar an 29 Meitheamh 2022**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hIompar Lasta de Bhóthar an 29 Meitheamh 2022[6] (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta),

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích lena leasaítear an Comhaontú, lena n-áirítear a fhad.

(2) Ba cheart an Coimisiún a ainmniú ina idirbheartaí.

(3) Ba cheart don Choimisiún an chaibidlíocht a dhéanamh i gcomhar le [ainm an choiste speisialta le cur isteach ag an gComhairle], agus i gcomhréir leis na róil faoi seach atá ag na hinstitiúidí a leagtar amach in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais, ar leasuithe ar an gComhaontú, lena n-áirítear ar a fhad.

*Airteagal 2*

Leagtar amach na treoracha caibidlíochta san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle le [ainm an choiste speisialta le cur isteach ag an gComhairle].

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

---

[6] IO L 179, 6.7.2022, lch. 4.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC